



Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education  
2009

## Matamaitic



Modúl N2 Páipéar 2  
(Le hÁireamhán)  
Bonnsraith

[GMN22]

DÉ LUAIN 18 BEALTAINE  
2.45 pm – 3.30 pm

AM

45 nóiméad

### TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa cheistpháipéar seo.

Freagair **gach ceann** den **dá** cheist **déag**.

Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin mar is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.

### EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 44 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Ba chóir duit áireamhán, rialóir, compáis, dronbhacart agus uillinntomhas a bheith agat.

Tá an Bhileog Sonraí ar leathanach 2.

StudentBounty.com


Uimhir Iarrthóra  
71  
Uimhir Iarrthóra

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	
11	
12	

Marc Iomlán	
-------------	--

## Bileog Foirmlí

**Toirt priosma** = achar trasghearrtha × fad



1 Is iad seo a leanas na marcanna a fuair na 10 mbuachaill i rang 12A:

18, 12, 15, 9, 13, 14, 20, 11, 10, 8

Tá 8 gcailín i rang 12A agus fuair siad 128 marc san iomlán.

Cé acu ab fhearr na buachaillí nó na cailíní? Luaigh fáth le do fhreagra.

Freagra \_\_\_\_\_

mar \_\_\_\_\_

[4]

2 (a) Bhí £600 ag Eoin. Chaith sé  $\frac{1}{4}$  den airgead ar éadaí agus  $\frac{1}{6}$  den airgead ar shaoire.

Cén codán den £600 a bhí fágtha aige?

Freagra \_\_\_\_\_ [4]

(b) Cé acu de na codáin seo a leanas is cóngaraí do  $\frac{1}{4}$ ?

$\frac{2}{10}$ ,  $\frac{3}{20}$ ,  $\frac{7}{30}$ ,  $\frac{11}{40}$


Taispeáin go soiléir cad é mar a shocraigh tú ar do fhreagra.

Freagra \_\_\_\_\_ [2]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

3 (a)



Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Is pointe é L i lár chearnóg an bhaile.

Tá banc, B, marcáilte ar an léaráid thuas.


(i) Faigh treo-uillinn B ó L.

Freagra \_\_\_\_\_° [1]

Is é 1 cm = 20 m scála na léaráide.

Tá an phictiúrlann P 90 m ó L agus ar threo-uillinn  $160^\circ$  ó L.

(ii) Marcáil suíomh na pictiúrlainne, P, ar an léaráid. [2]



Níl an léaráid  
tarraingthe  
go beacht

Is triantán comhchosach é ABC. Is línte díreacha iad ABD agus CBE.  
Tá uillinn  $ABC = 80^\circ$

Faigh méid

(i) uillinn EBD,

Freagra \_\_\_\_\_ $^\circ$  [1]

(ii) uillinn BAC.

Freagra \_\_\_\_\_ $^\circ$  [2]

- 4 Ba mhaith le Cáit a fháil amach cá mhéad uair sa mhí, ar an mheán, a théann muintir a baile go dtí an phictiúrlann. Chuir sí ceist ar 200 dalta ina scoil.

Is féidir nach sampla ionadaíoch de mhuintir an bhaile atá ag Cáit. Mínigh cad chuige.

Freagra \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_ [1]

- 5 (a) Réitigh an chothromóid  $\frac{y}{3} = 6$

Freagra  $y =$  \_\_\_\_\_ [1]

- (b) Forbair agus simpligh  $4(2a + 3) - 7$

Freagra \_\_\_\_\_ [2]

- 6 Anseo thíos tá airde (ina ceintiméadair) fiche buachaill i gcumann iománaíochta:

181 170 162 153 182 171 163 158 185 174  
 166 157 177 167 178 167 178 167 169 168

Tóg léaráid gais agus duillí leis na hairdí seo a léiriú.

[3]

- 7 Tóg rombas dar slios 6.5 cm agus a mbeidh ceann amháin dá thrasnáin 5 cm ar fad.

Scrúdaitheoir Amháin


Marcanna Athmharc

[4]

- 8 Ba é £640 an praghas ar vardrús. Bhí laghdú 35% ar an phraghas seo i reic. Ríomh praghas an vardrúis sa reic.

Freagra £ \_\_\_\_\_ [3]

9 Ríomh fad BC sa triantán dronuilleach seo thíos.



Freagra \_\_\_\_\_ cm [3]

10 Tá fear ag cur uisce ina linn ghairdín lena líonadh. Is féidir leis buicéad a líonadh agus an t-uisce a dhoirteadh isteach sa linn gach 25 soicind. Coinníonn an buicéad 15 lítear uisce. Glacann an fear 4 nóiméad 35 soicind leis an linn a líonadh.

Cad é toirt an uisce sa linn agus í lán?

Freagra \_\_\_\_\_ [4]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc



- 11 Chuir Máire £2500 ina cuntas bainc ar ús iolraithe 4% sa bhliain.  
Cad é an méid iomlán ba chóir a bheith ina cuntas i ndiaidh 3 bliana?

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Freagra £ \_\_\_\_\_ [3]

- 12 Réitigh

$$x^3 - 2x = 41$$

le triail agus feabhsú agus scríobh do fhreagra ceart go dtí 1 ionad de dheachúlacha.

**Taispeáin do chuid oibre.**

Freagra \_\_\_\_\_ [4]

---

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

---





